*Rang 4 / Bliain 6 (P6)*

**Obair agus Gnó**

Is fear gnó é Daidí
Ach ní thuigim a ghnó -
Ní dhéanann sé aon obair
Choíche ná go deo.

Is dóigh liom go mbíonn Daidí
I mbun gnó ar feadh an lae;
Bíonn sé tuirseach um thráthnóna-
Ní thuigim é mar scéal.

Deir Mamaí go mbíonn Daidí
Ag obair lena cheann;
Ní féidir liom é a thuiscint -
Níl aon rian den obair ann.

Nuair a bheidh mise fásta
Cleachtfaidh mise gnó;
Ní bhacfaidh mé le hobair -
Ní oirfeadh sí dom' shórt.